# Tátal

## Cad é atá i gceist leis an straitéis seo?

Nuair a bhaintear tátal as téacs tá léitheoirí ag aimsiú eolais atá sa téacs agus á chur le heolas atá acu féin. Cuidionn sé seo le léitheoirí an téacs a thuiscint ag leibhéal domhain. Spreagann sé léitheoirí le heolas a chuardach agus iad ag léamh. Is straitéis í seo atá éifeachtach sa chéad agus sa dara teanga, mar sin, má fhorbaítear i nGaeilge í beidh na léitheoirí ag cur leis an straitéis chéanna i nGaeilge agus i mBéarla.

## Cén fáth a múintear í?

Trí dhiriú ar thátal mar straitéis is féidir;

- tuiscint níos doimhne a fháil,
- naisc a aithint sa téacs,
- foclóir agus teanga a neartú,
- léitheoireacht neamhspleách a fhorbairt,
- cuir le hinspreagadh agus le rannpháirtíocht.

## An straitéis a theagasc

Déan naisc shoiléire do na léitheoirí a bheidh ina n-eiseamláirí acu, agus ansin tabhair scafall dóibh a chuideoidh leo tátal a bhaint as téacsanna eile ag leanúint samplaí a léiríodh dóibh. *(Cur chuige céimnithe)*

**1 . Múnlaigh**

- Léigh os ard.
- Smaoinigh os ard mar léitheoir. Dírigh aird ar eolas a bhí ann roimhe. Déan nasc.

**2. Mínigh**

- Ainmnigh an straitéis.
- Mínigh cén uair agus cén fáth a n-úsáidtear í.

**3. Cleachtadh le tacaíocht**

- Obair ranga nó ghrúpa.
- Ceisteanna treoracha ón mhúinteoir.

4.**Cleachtadh neamhspleách**

- Daltaí ag úsáid na straitéise leo féin.

**5. Athmhachnamh**

- Plé: *Ar chuidigh an straitéis leat?*

## Gníomhaíochtaí molta

- Pléigh ranga faoin straitéis agus samplaí i dtéacsanna.
- Aimsigh fianaise sa téacs agus pléigh leis an rang/grúpa é.
- Pléigh réamheolas atá agatsa/ag na páistí i gcomhthéacs na fianaise.

## Teanga úsáideach don rang

Tá gá le forbairt foclóra agus teanga sna ceachtanna. Déan cinnte go mbeidh an foclóir cuí ag na léitheoirí roimh ré le tátal a phlé.

- Bain tátal as an téacs.
- Cén tátal a bhaineann tú as an téacs?
- An bhfuil réamheolas/fianaise agat?

### Cad atá le breathnú air?

Ní gá go mbeidh an ceart ag an léitheoir ach cuireann réamheolas leis an phlé agus leis an phróiseas smaointeoireachta. An bhfuil na páistí:

- ag úsáid na straitéise go feasach?
- ag úsáid na teanga/téarmaíochta?
- ag míniú a smaointeoireachta?
- ag úsáid fianaise ón téacs?
- ag léiriú scileanna neamhspleácha?
- ag cuimhneamh ar na rudaí atá léite?
- ag déanamh naisc le hábhair atá léite ó chodanna éagsúla sa téacs.
- ag déanamh naisc idir ghnéithe den téacs.
- ag tarraingt ar a réamheolas.

### Leideanna don mhúinteoir

- Ná múin an iomarca straitéisí ag an am céanna.
- Fill ar an straitéis go rialta.
- Níl gá le gníomhaíocht scríofa gach uair.
- Úsáid plé ó bhéal go minic.

### Príomhphointe

Is é an sprioc ná go roghnóidh daltaí an straitéis go neamhspleách agus iad ag léamh.

## Áiseanna sa rannóg seo

- Tátal Taiteamhach. Imeachtaí agus carachtair (dubh & bán le priontáil).
- Bain Tátal As. Trí chéim le tátal a bhaint as téacs (dubh & bán le priontáil).
- Bain Tátal As. Tábla le líonadh (dubh & bán le priontáil).
- Bain Tátal As. Trí chéim le líonadh (dubh & bán le priontáil).

Ainm ................................... Rang ...... Dáta .........................

# Tátal Taitneamheach

Tá caibidil/leathanaigh............. léite agam sa leabhar.

## Imeachtaí

Ba mhaith leis an údar go gcreidfidh mé .....

Léiríonn na habairtí/focail seo go dtarlóidh seo ....

Creidim go mbeidh ...

## Carachtair

Léiríonn na habairtí/focail seo go bhfuil an carachtar ....

Creidim go mothaíonn an carachtar seo ...

Creidim go n-athróidh an carachtar seo mar ...

Tá an carachtar seo maith ag ....

Níl an carachtar seo maith ag ...


Tá an carachtar seo ag foghlaim ...

Ainm ............................ Rang ......... Dáta .........................


# BAIN TÁTAL AS!

**Le tátal a bhaint as téacs ...**

**Bain úsáid as eolas atá agat ón téacs agus eolas atá agat ó do thaithí féin.**







In amanna ní insíonn an t-údar gach rud dúinn!

Baineann léitheoirí tátal as téacs le heolas a oibriú amach faoi charachtair agus imeachtaí sa téacs.

1. Ar dtús, cad iad na rudaí nár inis an t-údar dom?
2. Ansin, cén t-eolas atá agam féin faoi seo?
3. Ar deireadh, cén tátal a bhainfidh mé as an téacs?

**Foclóir:**

Bunaithe ar an eolas atá agam, creidim ...

Léiríonn an focal/frása seo go bhfuil ...

Is féidir liom tátal a bhaint as ...

B'fhéidir go gciallaíonn sé sin ...

Measaim/Sílim/Ceapaim go bhfuil ....

I mo thuairim ...

Ainm ........................................ Rang ......... Dáta ..................

# Bain Tátal As

| **Réamheolas**<br>Rudaí atá ar eolas agam | **Fianaise**<br>Leideanna ón téacs | **Tátal**<br>mo bharúil, dearcadh, conclúidí |
|---|---|---|
| An rud atá ar eolas agam | An rud a fheicim | An rud a shílim |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Ainm .................................... Rang .............. Dáta .....................

# Tátal

**Eolas ón leabhar** + **Eolas atá agam féin** = **Bain tátal as**

**Eolas ón leabhar** + **Eolas atá agam féin** = **Bain tátal as**

**Eolas ón leabhar** + **Eolas atá agam féin** = **Bain tátal as**

Cad atá i gceist le tátal a bhaint as téacs? Mínigh é i d’fhocail féin.